# Topaic 3: An Teaghlach

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas/faoi:*

3.1 ~ daoine a chomhaireamh
3.2 ~ labhairt faoi stádas pósta
3.3 ~ eolas a lorg agus a thabhairt faoi stádas pósta
3.4 ~ labhairt faoi pháistí
3.5 ~ eolas a lorg agus a thabhairt faoi do theaghlach
3.6 ~ baill éagsúla den teaghlach a chur in aithne

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- An dara pearsa uatha agus iolra den fhorainm réamhfhoclach ***ag, agat, agaibh***
- Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach: ***An bhfuil tú pósta? Tá /Níl.***
- **Cé mhéad?** + uimhir uatha: ***Cé mhéad páiste atá agat?***
- Uimhreacha pearsanta 1=10: ***duine (amháin), beirt…***.

## Stór focal:

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Daoine/an teaghlach: ***fear, bean, buachaill, cailín, athair, máthair, tuismitheoirí, mac, iníon*** agus araile
Stádas pósta: ***pósta, singil, scartha, colscartha, baintreach (fir)***

## Beidh an foghlaimeoir in ann…


| | |
|---|---|
| Labhairt | Eolas an-bhunúsach a thabhairt faoina stádas pósta agus faoina t(h)eaghlach/c(h)lann. |
| Cluastuiscint | Ceisteanna simplí ag baint le teaghlach a thuiscint; focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoin teaghlach. |
| Léamhthuiscint | Focail agus frásaí a bhaineann leis an teaghlach a aithint, mar shampla, ar fhoirm iarratais. |
| Scríbhneoireacht | Sonraí pearsanta ag baint le stádas pósta agus an teaghlach a bhreacadh síos, mar shampla, ar fhoirm iarratais. |

© OÉ Má Nuad

## 3.1. Conas daoine a chomhaireamh

**(A)** Múin na huimhreacha pearsanta ó *duine amháin* go dtí *deichniúr*:


> *duine/duine amháin, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr*


**Gníomhaíocht 3.1(A): Comhaireamh daoine: Caint**


- Bain úsáid as daoine sa rang chun grúpa de dheichniúr a chomhaireamh.
- Ansin déan arís é.
- An chéad bhabhta eile, taispeáin le do mhéara cé mhéad duine atá i gceist, méar amháin le haghaidh *'Duine'*, dhá mhéar *'Beirt'*, trí mhéar *'Triúr,'* agus araile.
- Déan druil ar na huimhreacha pearsanta leis an rang go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach leo.
- Iarr ar dhaoine aonair sa rang comhaireamh ó dhuine go deichniúr.

**(B)** Múin an cheist seo a leanas:

> *Cé mhéad duine atá ann?*


**Gníomhaíocht 3.1(B): Cé mhéad duine atá ann?: Caint**

- Sínigh méar thart ar ghrúpa triúir sa rang.
- Iarr ar an rang *Cé mhéad duine atá ann?*
- Sínigh méar thart ar ghrúpa seachtair sa rang.
- Iarr ar an rang *Cé mhéad duine atá ann?* agus mar sin ar aghaidh.


**Gníomhaíocht 3.1(C): Ag comhaireamh daoine: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.1(C): Ag comhaireamh daoine: Caint** do gach duine sa rang.
- Tabhair cóip do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang féachaint ar bhosca a seacht.
- Iarr ar an rang *Cé mhéad duine atá ann? (Seachtar)*
- Abair leis an rang féachaint ar bhosca a dó.
- Iarr ar an rang *Cé mhéad duine atá ann? (Beirt)*
- Lean ar aghaidh ag cleachtadh mar sin.
- Roinn an rang i mbeirteanna agus tógadh gach duine den bheirt seal ag cur ceisteanna ar a chéile *Cé mhéad duine atá ann?* ag síneadh méire ar an mbosca atá i gceist acu gach uair.

© OÉ Má Nuad

**(D)** Múin na focail seo a leanas:


*fear, bean, buachaill (gasúr), cailín (girseach)*

**Gníomhaíocht 3.1(D): Daoine: Caint**

- Iarr ar an rang féachaint ar bhosca a ceathair.
- Abair *'Sin buachaill, sin fear, sin bean agus sin cailín'*.
- Abair arís é.
- Abair leo *'Is fear (bean) mé'*.
- Dírigh do mhéar ar fhear sa rang, abair *'Sin fear'*.
- Dírigh do mhéar ar bhean sa rang, abair '*Sin bean'*.
- Abair *'Fear óg, sin buachaill; bean óg, sin cailín'*.

**(E)** Múin na ceisteanna seo a leanas:

*Cé mhéad fear atá ann?*
*Cé mhéad buachaill atá ann?*
*Cé mhéad bean atá ann?*
*Cé mhéad cailín atá ann?*

**Gníomhaíocht 3.1(E): Ag comhaireamh arís!: Caint**

- Ag baint úsáide as **Bileog 3.1(C): Ag comhaireamh daoine**, cuir ceisteanna ar an rang mar seo a leanas:
  - *Cé mhéad fear atá i mbosca a trí?* (*Beirt*); *I mbosca a cúig?* (*Triúr*); *I mbosca a deich?* (*Seisear).*
  - *Cé mhéad cailín i mbosca a cúig/a sé/a hocht/a naoi?*
  - *Cé mhéad buachaill i mbosca a ceathair/a sé/a seacht/a naoi?*
  - *Cé mhéad bean i mbosca a dó/a ceathair/a hocht/a deich?*
- Tugaidís freagra simplí ort i gcónaí: *Beirt, triúr* agus araile.
- Cuir an rang i ngrúpaí beirte, iad ag cur gach dara ceist ar a chéile:

Foghlaimeoir 1: *Cé mhéad fear atá ann?* (Ag síneadh méire ar bhosca a cúig.)
Foghlaimeoir 2: *Triúr. Cé mhéad cailín atá ann?* (Bosca a naoi.)
Foghlaimeoir 1: *Ceathrar.*

© OÉ Má Nuad

## 3.2. Ag labhairt faoi stádas pósta

**(A)** Múin na focail seo a leanas don rang:

*duine singil, duine pósta,*
*fear céile, bean chéile,*
*páirtí,*

*scartha, colscartha,*
*baintreach, baintreach fir*




**Gníomhaíocht 3.2(A): Stádas pósta: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.2(A): Stádas pósta** do gach duine sa rang nó déan cóip don osteilgeoir.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang féachaint ar phictiúr 1.
- Abair: *'Tá siad pósta. Seo é an fear céile agus seo í an bhean chéile.'*
- Déan druil leis an rang ar na habairtí thuas a bhaineann le pictiúr 1.
- Abair leis an rang féachaint ar phictiúr 2.
- Abair: *'Níl sé pósta, is fear singil é.'*
- Déan druil leis an rang ar an abairt thuas a bhaineann le pictiúr 2.
- Abair leis an rang féachaint ar phictiúr 3.
- Abair: *'Tá siad pósta ach tá siad scartha.'*
- Déan druil leis an rang ar an abairt thuas a bhaineann le pictiúr 3.
- Abair leis an rang féachaint ar phictiúr 4.
- Abair: *'Níl siad pósta anois. Tá siad colscartha.'*
- Déan druil leis an rang ar na habairtí thuas a bhaineann le pictiúr 4.
- Abair leis an rang féachaint ar phictiúr 5.
- Abair: *'Is baintreach í.'*
- Abair leis an rang féachaint ar phictiúr 6.
- Abair: *'Is baintreach fir é.'*
- Déan druil ar na habairtí a bhaineann le pictiúir 5 agus 6.
- Téigh siar ar an bhfoclóir ar fad uair amháin eile, ag baint úsáide as na pictiúir.



**Gníomhaíocht 3.2(B): Foghraíocht: '*s*' leathan agus '*s*' caol**

***Réamhullmhúchán:***

- Bíodh an méid seo a leanas scríofa agat ar thréshoilseán roimh thús an ranga:

    singil, scartha
    pósta, páiste
    singil, siopa, seo é, páiste, tuismitheoir
    scartha, pósta, scoil, Sasanach, Spáinneach, is

***Gníomhaíocht:***

- Cuir an tréshoilseán ar an osteilgeoir.
- Abair leis an rang éisteacht leis an DD. Cad a thugann siad faoi deara faoi fhuaimniú na litreach '*s*' sa Ghaeilge?
- Tá dhá fhuaim ag an litir '*s*': fuaim leathan roimh nó tar éis '*a*', '*o*', nó '*u*' agus fuaim chaol roimh nó tar éis '*i*' nó '*e*'.

© OÉ Má Nuad

- Iarr ar an rang aithris a dhéanamh ar an nguth ar an DD nó ort féin ag rá na bhfocal sa téipscript.



**Gníomhaíocht 3.2(C): Foghraíocht: Dul siar ar *'d'* leathan agus *'d'* caol**

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang go bhfuil siad chun dul siar ar an *'d'* leathan agus '*d*' caol a chleachtaigh siad i dTopaic 1 ach go bhfuil focail nua in úsáid sa cheacht seo.
- Cad iad na focail atá ar eolas acu a thosaíonn in '*d*' leathan?
- Cad iad na focail atá ar eolas acu a thosaíonn in '*d*' caol?
- Abair leis an rang éisteacht leis an DD:

  *deirfiúr, deartháir, táimid, Deirdre, deichniúr, duine, cé mhéad?*


- Iarr ar an rang aithris a dhéanamh ort, nó ar an nguth ar an DD, agus tú (é) ag rá na bhfocal thuas.

## 3.3 Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi stádas pósta

**(A)** Múin an cheist agus na freagraí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| *An bhfuil tú pósta?* | *Tá.* |
| | *Tá mé scartha.* |
| | *Níl, tá mé singil.* |
| | *Níl, tá mé colscartha.* |
| | *Is baintreach mé.* |
| | *Níl, ach tá páirtí agam.* |

- Cuir ceist ar dhaoine aonair sa rang an bhfuil siad pósta.
- Mínigh go ndeirtear *'An bhfuil tú féin (tusa) pósta?'* nuair a chuireann tú ceist ar an duine a chuir ceist ort.



**Gníomhaíocht 3.3(A): Obair ranga: Caint**

- Fiafraigh de dhuine aonair sa rang: '*An bhfuil tú pósta?*'
- Nuair a fhreagraíonn an foghlaimeoir sin tú abair leis/léi an cheist chéanna a chur ar an duine in aice leis/léi.
- Ar aghaidh mar sin timpeall an ranga.
- Abair leis an rang nach gá dóibh an fhírinne a insint mura mian leo.
- Tá sampla den ghníomhaíocht thíos:

| | |
|---|---|
| Múinteoir: | *An bhfuil tú pósta?* |
| Foghlaimeoir 1: | *Tá. Tá mé pósta. An bhfuil tú féin pósta?* |
| Múinteoir: | *Níl, tá mé singil.* |
| Foghlaimeoir 1: | *An bhfuil tú pósta?* |

© OÉ Má Nuad

Foghlaimeoir 2: *Tá mé scartha. An bhfuil tusa pósta?*


**Gníomhaíocht 3.3(B): Stádas pósta: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.3(B): Stádas pósta** do gach duine sa rang.


***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang éisteacht leis an DD agus tic a chur sa bhosca *Fíor* nó sa bhosca *Bréagach* in aice le gach ráiteas faoi stádas pósta na ndaoine atá ag caint.
- Seinn an DD don rang.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair atá an rang réidh.

## 3.4 Ag labhairt faoi pháistí

**(A)** Múin na habairtí seo thíos do na foghlaimeoirí:

*Tá páistí agam/againn.*
*Tá clann agam/againn.*
*Níl páistí (ar bith) agam/againn.*
*Tá mé/Táimid ag súil le páiste (eile).*
*An bhfuil páistí agat?*


**Gníomhaíocht 3.4(A): An Teaghlach: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.4(A): An Teaghlach** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Ag baint úsáide as **Bileog 3.4(A)**, abair leis an rang féachaint ar phictiúr 1: *Muintir Uí Mhurchú*
- Roghnaigh fear sa rang agus abair leis: *Tusa Pól.*
- Cuir na ceisteanna seo a leanas air:
    - *An bhfuil tú pósta? (Tá.)*
    - *Cé hí do bhean chéile? (Úna.)*
    - *An bhfuil páistí agat? (Tá.)*
    - *Cé mhéad páiste atá agat? (Beirt agus táimid ag súil le páiste eile.)*
- Roghnaigh bean sa rang agus abair léi: *Tusa Úna.*
- Cuir ceisteanna uirthi, mar shampla:
    - *An bhfuil tú pósta?*
    - *Cé hé d'fhear céile?*
    - *An bhfuil páistí agat?*
    - *Cé mhéad páiste atá agat?*

© OÉ Má Nuad

- Ar aghaidh mar sin ag cur ceisteanna faoi stádas pósta agus páistí na ndaoine fásta ar an mbileog, trí iarraidh ar fhoghlaimeoirí ról na ndaoine fásta sna pictiúir a ghlacadh orthu féin.



**Gníomhaíocht 3.4(B): Stádas pósta agus páistí: Obair bheirte**

***Réamhullmhúchán:***

- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B.
- Abair leo go mbeidh siad ag cur ceisteanna ar a chéile ar ball beag faoi stádas pósta agus faoi pháistí. Cuir i gcuimhne dóibh nach gá dóibh an fhírinne a insint mura mian leo.

***Gníomhaíocht:***

- Léirigh le duine as an rang. Iarr ar dhuine de na foghlaimeoirí ceist a chur ortsa ar dtús:

| | |
|---|---|
| Foghlaimeoir: | *An bhfuil tú pósta?* |
| Múinteoir: | *Tá. An bhfuil tusa pósta?* |
| Foghlaimeoir: | *Níl. Tá mé singil. An bhfuil páistí agat?* |
| Múinteoir: | *Níl páistí ar bith againn. An bhfuil páistí agat féin?* |
| Foghlaimeoir: | *Níl.* |

- Déan an chéad ghníomhaíocht eile sula dtugann tú seans do na foghlaimeoirí iad féin tabhairt faoin chleachtadh seo.



**Gníomhaíocht 3.4(C): Gramadach: Treisiú ar an bhforainm**

***Gníomhaíocht:***

- Sula ndéanann an rang an comhrá thuas a chleachtadh abair leo éisteacht leat féin agus leis an bhfoghlaimeoir arís.
- Cad a thugann siad faoi deara?
- Tá difear idir ceist an fhoghlaimeora agus ceist an mhúinteora. Mínigh dóibh go n-úsáideann an múinteoir an fhoirm threise den fhorainm/fhorainm réamhfhoclach mar go bhfuil sé nó sí ag cur na ceiste céanna ar ais ar an bhfoghlaimeoir. Cuir ceist orthu cén bealach a ndéantar é seo i mBéarla (béim ar 'you' *And do* ***you*** *have children?*

| | |
|---|---|
| *An bhfuil tú pósta?* | *An bhfuil tusa/tú féin pósta?* |
| *An bhfuil páistí agat?* | *An bhfuil páistí agatsa/agat féin?* |

## 3.5 Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi do theaghlach


**(A)** Déan an foclóir seo a leanas a mhúineadh:

© OÉ Má Nuad

*an teaghlach*
*an chlann*
*athair*
*máthair*
*deartháir, deirfiúr*
*tuismitheoir, tuismitheoirí*
*mac, iníon*
*seanathair, seanmháthair*

- Mínigh dóibh go n-úsáidtear 'clann' chun tagairt do pháistí.

    *An bhfuil clann agat? = An bhfuil páistí agat?*


**Gníomhaíocht 3.5(A): Pictiúir den teaghlach: Cluastuiscint/Léamhthuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.5(A): Pictiúir den teaghlach** do gach duine sa rang.
- Gearr an bhileog ar an líne bhriste agus tabhair amach an pictiúr gan an téipscript.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den phictiúr do gach duine sa rang.
- Abair leis an rang éisteacht le Ciara ag caint faoina clann agus féachaint ar an bpictiúr.
- Abair leo ainmneacha na ndaoine sa liosta a scríobh san áit cheart ar an bpictiúr.
- Ansin tabhair cóip den téipscript dóibh agus seinn an DD arís.
- Abair leo éisteacht le Ciara agus an téipscript a léamh ag an am céanna.


**Gníomhaíocht 3.5(B): Teaghlaigh Éagsúla: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Tabhair cóip de **Bhileog 3.5(B): Teaghlaigh Éagsúla** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang éisteacht leis an gcur síos a thugtar ar shé theaghlach éagsúla.
- I gcás gach ceann de na tuairiscí caithfidh siad an uimhir cheart a scríobh in aice leis an bpictiúr cuí.

**Gníomhaíocht 3.5(C): Fireann agus baineann: Léamhthuiscint/Scríbhneoireacht**

***Réamhullmhúchán:***


- Déan dóthain cóipeanna de **Bhileog 3.5(C): Fireann agus baineann** do gach duine

© OÉ Má Nuad

sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach duine sa rang.
- Abair leis na foghlaimeoirí na bearnaí sa ghreille a líonadh isteach leis na focail (daoine) cuí.
- Tá an chéad bhearna líonta dóibh mar eiseamláir.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla an litriú ceart d'fhocail faoi leith a sholáthar.

**Gníomhaíocht 3.5(D): Freagraí Simone: Scríobh na ceisteanna**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.5(D): Freagraí Simone** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus abair leo an liosta freagraí a thugann Simone a léamh agus ansin na ceisteanna cuí a scríobh.
- Ansin, iarr orthu na bileoga a mhalartú leis an duine in aice leo agus na ceisteanna a scríobh siad a phlé le chéile.
- Déan tusa na ceisteanna a phlé leis an rang ar fad.

## 3.6 Ag cur ball éagsúil den teaghlach in aithne


**(A)** Téigh siar ar conas daoine a chur in aithne dá chéile, mar a bhí i d**Topaic 1: Bualadh le Daoine, mír 1.5**.

- Iarr ar chúpla duine sa rang an duine/na daoine in aice leo a chur in aithne don rang:

*Seo é Liam.*
*Seo í Aoife.*
*Seo iad Síle agus Eoghan.*

**(B)** Léirigh dóibh conas duine sa teaghlach a chur in aithne:

*Seo é mo mhac, Tomás.*
*Seo í m'iníon, Deirdre.*
*Seo iad mo thuismitheoirí (Pádraig agus Bríd).*

**Gníomhaíocht 3.6(C): Gramadach: Aidiachtaí Sealbhacha**

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar an rang éisteacht go cúramach leat agus tú ag rá:

© OÉ Má Nuad

*tuismitheoirí – mo thuismitheoirí*
*mac – mo mhac*
*iníon – m'iníon*

- Cad a thugann siad faoi deara? An dtugann siad aon rud faoi deara?
- Iarr orthu éisteacht leat arís:

*máthair – mo mháthair*
*athair – m'athair*
*deirfiúr – mo dheirfiúr*
*deartháir – mo dheartháir*
*páistí – mo pháistí*

- Cuir ceist orthu arís cad a thugann siad faoi deara?
- Mínigh dóibh go n-athraíonn tús an ainmfhocail tar éis 'mo' agus 'do'.
- Cuirtear séimhiú ar an bhfocal má thosaíonn sé le consan:

*páiste – mo pháiste*
*máthair – mo mháthair*

- Léirigh dóibh cad a tharlaíonn má thosaíonn ainmfhocal le guta:

*athair – m'athair*
*iníon – m'iníon*

**Gníomhaíocht 3.6(C): Teaghlach Chiara: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Abair leis an rang féachaint ar **Bhileog 3.5(A): Pictiúr den teaghlach** arís.
- Abair leo gur tusa Ciara (nó Colm).
- Léirigh don rang conas baill den teaghlach a chur in aithne:

*Seo iad mo thuismitheoirí, Máire agus Seán.*
*Seo í mo dheirfiúr, Lorna.*
*Seo é mo dheartháir, Colm.*
*Seo é m'fhear céile, José.*
*Seo iad mo pháistí, José-Angel agus Orlagh.*

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang go bhfuil siad chun úsáid a bhaint as **Bileog 3.5(A)** chun an foclóir atá acu anois a chleachtadh: níl gach focal acu ar gach duine sa teaghlach go fóill ach gan a bheith buartha faoi sin ag an bpointe seo.
- Abair le duine sa rang: *Tusa Ciara. Seo é do theaghlach. Inis dom faoi do theaghlach.*
- Abair le duine eile: *Tusa Lorna. Inis dom faoi do theaghlach.*

© OÉ Má Nuad

- Abair le duine eile: *Tusa Colm. Inis dom faoi do theaghlach.*




**Gníomhaíocht 3.6(D): Obair bheirte/ghrúpa: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Roinn an rang i ngrúpaí de sheisear.
- Abair leis an rang féachaint ar **Bhileog 3.5(B): Teaghlaigh Éagsúla** arís.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leo go bhfuil siad chun ligean orthu gurb iad a dteaghlaigh féin atá sna pictiúir.
- Ba cheart do gach duine sa ghrúpa 'a theaghlach féin' a chur in aithne don chuid eile den ghrúpa.
- Má tá tú ag iarraidh go mbeidh breis cleachtadh cainte ag gach duine is féidir iad a roinnt i ngrúpaí beirte (nó triúir) agus iarraidh orthu cúpla teaghlach an duine a chur in aithne.



**Gníomhaíocht 3.6(E): Comhrá faoi do theaghlach: Obair bheirte**


***Réamhullmhúchán:***

- Roinn an rang i ngrúpaí beirte.
- Cuir na ceisteanna seo a leanas ar an osteilgeoir/gclár dóibh:

    *An bhfuil tú (féin) pósta?*
    *An bhfuil páistí agat (féin)?*
    *Cé mhéad páiste atá agat (féin)?*
    *Cé mhéad deartháir atá agat (féin)?*
    *Cé mhéad deirfiúr atá agat (féin)?*

***Gníomhaíocht:***

- Déan athchleachtadh ar na nathanna agus ceisteanna ar fad atá déanta ar **Thopaic 3** go dtí seo.
- Iarr ar gach duine ceist a chur ar an duine in aice leo faoina dteaghlach ag baint úsáide as an liosta ceisteanna ar an osteilgeoir/gclár.
- Nuair atá siad críochnaithe, abair le lucht A bogadh deiseal go dtí an chéad B eile agus an comhrá a chleachtadh arís.



**Gníomhaíocht 3.6(F): Teaghlaigh Aoife agus Bhreandáin: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.6(F): Teaghlaigh Aoife agus Bhreandáin** do gach duine sa rang.

© OÉ Má Nuad

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog dóibh agus abair leo éisteacht leis an gcomhrá idir Aoife agus Breandán. Ba cheart dóibh tic a chur le **Fíor** nó **Bréagach** i gcás gach ráitis.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair atá an rang réidh.



**Gníomhaíocht 3.6(G): Foirm iarratais don Ionad Pobail áitiúil: Scríbhneoireacht**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 3.6(G): Foirm iarratais** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus abair leo an fhoirm iarratais a chomhlánú.
- Bailigh an ghníomhaíocht nuair atá an rang réidh agus déan í a cheartú.

© OÉ Má Nuad